

# Nuatheangacha

## Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis & Spáinnis



Is iad an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis na nuatheangacha ar féidir leat iad a fhoghlaim don Teastas Sóisearach. Féadfaidh tú ceann amháin nó níos mó a roghnú, ag brath ar an scoil. Agus nuatheanga á foghlaim agat, gheobhaidh tú tuiscint ar an méid a léann tú agus a chloiseann tú, agus foghlaimeoidh tú conas labhairt agus scríobh sa teanga sin.

### Cad a fhoghlaimeoidh mé i nuatheanga?

Seo cuid de na rudaí a fhoghlaimeoidh tú:

- conas labhairt sa teanga sin fút féin, faoi do mhuintir agus do chairde, do chaitheamh aimsire, do scoil, srl. Cabhróidh sé sin leat labhairt le daoine a labhraíonn an teanga sin.
- conas éisteacht, léamh agus scríobh sa teanga sin
- gramadach na teanga
- eolas faoi na tíortha ina labhraítear an teanga sin, agus an cineál saoil atá ag na daoine a chónaíonn iontu.



### Conas a fhoghlaimeoidh mé nuatheanga ar scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh leis an múinteoir agus leis an rang:

- oibriú i d'aonar, i bpéirí agus i ngrúpaí
- foghlaim trí ghníomhaíochtaí agus trí chluichí
- úsáid a bhaint as téacsleabhar, agus as ábhair eile chomh maith.
- féachaint ar scannáin, éisteacht le hamhráin agus féachaint ar phictiúir agus ar phóstaer.

Roinnt rudaí eile a chabhróidh leat foghlaim sa rang:

- ceisteanna a chur
- nótaí a bhreacadh síos agus do chuid oibre a choimeád i bhfillteán
- an teanga a labhairt chomh minic agus is féidir, sa rang agus lasmuigh de.

Foghlaimeoidh tú an teanga i ngiotaí beaga, ceann i ndiaidh a chéile, de réir mar a théann tú ar aghaidh. Ach cuimhnigh, is cosúil foghlaim teanga agus míreanna mearaí a dhéanamh; bíonn na míreanna ar fad uait!



### Conas a f'fhéadfainn níos mó a fhoghlaim faoi nuatheanga lasmuigh den scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh:

- eolas a fháil faoin teanga atá á foghlaim agat agus na tíortha ina labhraítear í
- taighde a dhéanamh ar an idirlíon agus liosta de na láithreáin ghréasáin is fearr a lorg ón múinteoir
- iarr ar chainteoirí na teanga sin bheith mar chairde ríomhphoist agat; féadfaidh tú scríobh chucu ar an idirlíon
- tóg leabhair, DVDanna, irisí, foclóirí, srl., ar iasacht ón leabharlann
- íoslódáil podchraoltaí saor in aisce d'fhoghlaimeoirí teanga.

## Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil ag éirí liom sa rang?

Inseoidh do mhúinteoir duit:

- cá háit a bhfuil ag éirí go maith leat
- an chaoi le feabhas a chur ar do chuid oibre.

Rudaí eile a d'fhéadfá a dhéanamh:

- iarraidh ar chara leat féachaint ar do chuid oibre
- féachaint siar ar do chuid oibre go bhfeicfidh tú an feabhas atá tagtha ort
- dialann a choimeád den mhéid ar féidir leat a rá sa teanga.

## Cén sórt scrúdaithe atá ann do na nuatheangacha sa Teastas Sóisearach?

I ngach ceann de na nuatheangacha

- éistfidh tú agus freagróidh tú ceisteanna mar gheall ar ghiotaí comhrá, míreanna nuachta, srl. sa teanga
- léifidh tú agus freagróidh tú ceisteanna ar théacsanna sa teanga amhail fógraí, ailt, oidis agus próifíle de dhaoine cáiliúla
- scríobhfaidh tú téacs amhail nótaí, cártaí agus cártaí poist sa teanga.

Is féidir an scrúdú a dhéanamh in aon cheann de na nuatheangacha ag an Ardleibhéal nó ag an nGnáthleibhéal. In am trátha, cabhróidh an múinteoir leat an leibhéal is fearr a oireann duit a roghnú.

## An mbeidh na rudaí a fhoghlaiméidh mé sa nuatheangacha cosúil leis na rudaí a d'fhoghlaim mé sa bhunscoil?

Seans go raibh tú ag foghlaim na Gaeilge, an Bhéarla, nó fiú nuatheanga, cheana féin, mar sin tá cuid mhaith eolais agat cheana féin ar theangacha. Cabhróidh sé sin go mór leat agus tú ag déanamh comparáidí idir theangacha. Seans go gcabhróidh sé leat chomh maith chun an chiall le focail agus frásaí sa teanga nua a dhéanamh amach.



## An mbeidh aon bhaint ag nuatheanga leis na hábhair eile a dhéanfaidh mé?

Beidh. Feicfidh tú naisc leis an Stair, an Tíreolaíocht, nuatheangacha eile, an Béarla, agus an Ghaeilge.

## Conas a chabhróidh nuatheanga liom?

Beidh nuatheangacha úsáideach duit i do shaol pearsanta le haghaidh taistil, agus i ngairmeacha beatha amhail turasóireacht, lónadóireacht, oideachas, gnó agus seirbhísí aistriúcháin.



## An mbeidh na nuatheangacha an-difriúil tar éis an Teastais Shóisearaigh?

Má dhéanann tú nuatheanga don Ardteistiméireacht, leanfaidh tú ort ag cur eolas ar do theanga roghnaithe agus ar an gcineál saoil atá ag cainteoirí na teanga sin, agus úsáidfidh tú an teanga chun mórchuid rudaí a chur in iúl. Tá sé tábhachtach nuatheanga a dhéanamh don Teastas Sóisearach más mian leat an teanga sin a dhéanamh don Ardteistiméireacht. Caithfidh nuatheanga a bheith agat mar ábhar Ardteistiméireachta chun áit a fháil i bhformhór na n-ollscoileanna in Éirinn.



**Gheobhaidh tú tuilleadh eolais mar gheall ar na cúrsaí Francise, Gearmáinise, Iodáilise agus Spáinnise anseo**  
[www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

**Gheobhaidh tú eolas faoi scrúdú an Teastais Shóisearaigh anseo**  
[www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

**Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoi gach ceann de na nuatheangacha anseo**

[www.scoilnet.ie](http://www.scoilnet.ie)

[www.epals.com](http://www.epals.com)

[www.bbc.co.uk/languages](http://www.bbc.co.uk/languages)

[www.french.ie](http://www.french.ie)

[www.german.about.com](http://www.german.about.com)

[www.italian.about.com](http://www.italian.about.com)

[www.spanish.about.com](http://www.spanish.about.com)

Tá an bhileog fíricí seo agus bileoga fíricí eile ar fáil le híoslódáil ag [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)



National Council for Curriculum and Assessment  
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

24 Cearnóg Muirfean, Baile Átha Cliath 2 | Tel: + 353-1-6617177